# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004**

LAIDIN – ARDLEIBHÉAL
(400 marc)

**DÉARDAOIN, 24 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00**

**1.** **[80]**

**(i)** Cuir Gaeilge ar:- (50)

“Sed cadat ante diem mediaque inhumatus harena.
haec precor, hanc vocem extremam cum sanguine fundo.
tum vos, o Tyrii, stirpem et genus omne futurum
exercete odiis, cinerique haec mittite nostro
munera. nullus amor populis nec foedera sunto.
exoriare aliquis nostris ex ossibus ultor,
qui face Dardanios ferroque sequare colonos,
nunc, olim, quocumque dabunt se tempore vires.
litora litoribus contraria, fluctibus undas
imprecor, arma armis; pugnent ipsique nepotesque.”

**VEIRGIL**

**(ii)** Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú deich marc gach aon cheist acu):- (30)

**(a)** Cé tá ag caint sa sliocht seo? Cén chaoi a mbraitheann an cainteoir?
**(b)** Cad a tharla a d’fhág go mbraitheann an cainteoir mar sin?
**(c)** Cad tá uafásach faoin nguí atá sa chéad líne?
**(d)** Cé hé an “ultor” atá luaite i líne 6? Cén fáth a dtagraíonn Veirgil dó mar dhíoltasaí, dar leat?
**(e)** Cé chomh maith is a chuireann an chaint seo mothúcháin an chainteora in iúl? Bíodh cúiseanna agat le do fhreagra.
**(f)** De réir mar a léigh tú scéal Veirgil ar Dhíodó agus Aeinéas ar mhó do chomhbhá le Díodó nó le hAeinéas? Bíodh cúiseanna agat le do fhreagra.

**2.** Cuir Gaeilge ar:- **[80]**

*(Déanann Hannibal cur síos ar an gcaoi ar ghlac sé móid go mbeadh fuath go deo aige do na Rómhánaigh)*

“Me novem annos nato, pater meus Hamilcar, in Hispaniam imperator proficiscens Carthagine, sacrificium deis fecit. Eodem tempore quaesivit a me vellemne secum proficisci. Cum id libenter audivissem et a patre petere coepissem ut me secum duceret, tum ille, ‘Faciam,’ inquit, ‘si mihi fidem quam quaero dederis.’ Tum me ad aram duxit et me iurare iussit me numquam in amicitia cum Romanis futurum esse. Id ius iurandum patri dedi et semper ita conservavi ut nemo sit qui plus odii erga Romanos habeat.”

| | | | |
|---|---|---|---|
| proficiscor: cuirim chun bóthair. | quaero: lorgaim. | libenter: le pléisiúr. | |
| fides: geallúint. | ara: altóir. | iuro: móidim. | ius iurandum: móid. |
| conservo: coinním. | odium: fuath. | erga (+ áinsíoch) : i dtreo. | |

**3.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair **deich gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. (Is fiú ocht marc gach aon ceist acu):- **[80]**

*(Déanann na Rómhánaigh tollán chun cathair Veii a ghabháil).*

Iam decimus annus aderat nec tamen Veii urbs capta est. Inde Furius Camillus dictator creatus est ut Veios sine ulla mora occuparet. Hic milites suos multa opera facere coegit, quorum longe maximum fuit cuniculus. Cuniculo confecto via sub terra in arcem hostium facta est.

Signo dato Romani ab omnibus partibus urbem oppugnant. Veientes ruunt ut muros defendant. Subito a tergo Romani e cuniculo erumpunt. Alii impetum in hostes faciunt, alii portas aperiunt. Mox Veientes, quamquam fortiter pugnaverunt, sunt victi, urbsque tandem est capta.

opera: oibreacha léigir. cuniculus: tollán. arx: dúnfort, daingean. erumpo: réabaim amach.

- **(i)** Cén t-achar ama a bhí na Rómhánaigh i mbun cogaidh le cathair Veii?
- **(ii)** Cén fáth ar ceapadh Furius Camillus ina dheachtóir?
- **(iii)** Cad a d'ordaigh sé dá shaighdiuirí a dhéanamh i dtús báire?
- **(iv)** Sula bhfuaireadar an rabhadh catha, cad é an rud deireanach a rinne na saighdiúirí?
- **(v)** An d'aon ghnó nó de thimpiste a rinneadh an chéad ionsaí Rómhánach? Cá bhfios duit é seo?
- **(vi)** Cén chaoi ar fhreagair muintir Veii don ionsaí seo?
- **(vii)** Cén bheartaíocht a bhí ag na Rómhánaigh ansin?
- **(viii)** Ar ionsaigh na Rómhánaigh ar fad an namhaid? Cá bhfios duit é seo?
- **(ix)** Cad a tharla ar deireadh do mhuintir Veii agus don chathair féin?
- **(x)** Scríobh nóta gearr gramadaí ar *occuparet* (líne 2) agus *maximum* (líne 3).
- **(xi)** Luaigh príomhranna **dhá cheann ar bith** de na briathra seo a leanas ón sliocht thuas:-

  adsum, capio, cogo, do, pugno.

- **(xii)** Luaigh Tuiseal Tabharthach, Uimhir Uatha, de **trí cinn ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas ón sliocht thuas:-

  annus, urbs, miles, arx, porta.

**4.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B. (Is fiú ochtó marc gach roinn acu):- **[80]**

**A.** Cuir Laidin ar:-

**(a)** Nuair a shroich Aeinéas an Iodáil chuir sé bronntanais chuig Rí Latinus. (16)

**(b)** Dúirt Latinus go dtabharfadh sé a iníon, Lavinia, dó. (16)

**(c)** Ach theastaigh ó cheannaire in aice láimhe, Turnus, an cailín a phósadh freisin. (16)

**(d)** Bhí oiread feirge ar Turnus gur bheartaigh sé lucht na Traí a throid. (16)

**(e)** Dá bhrí sin, chuaigh Aeinéas go dtí Rí Evander chun cabhair a lorg. (16)

bronntanas: donum. in aice láimhe: propinquus. pósaim: in matrimonium duco.
duine ón Traí: Troianus. Evander: Evander, Evandri.

**NÓ**

**B.** Cuir Gaeilge ar:-

*(Agus é ag trácht ar thaibhrithe, déanann Ciceareó cur síos ar eachtra a tharla don fhile Gréagach, Simonides)*

Stoici, qui somnia multa credunt vera esse, illud somnium Simonidis saepe narrant. Certe ego exemplum melius nescio. Simonides, cum hominem mortuum prope mare iacentem vidisset, eum sepelivit. Deinde in animo habebat navem conscendere. Tamen illa nocte, dum Simonides dormit, homo quem sepeliverat ei apparuit et monebat ne navigaret. Dixit enim Simonidi eum naufragio periturum esse. Itaque Simonides, quia somnio credebat, domum rediit. Ceteri tamen, qui navigaverant, omnes perierunt.

Stoicus: Stóch (ball de scoil fealsúnachta). somnium: taibhreamh. sepelio: adhlacaim.
navem conscendo: téim ar bord loinge. naufragium: longbhriseadh. pereo: faighim bás.
quia: toisc.

**5.** **Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

**(i)** Cad ab ea *corvus* agus cén chaoi ar chabhraigh sé leis na Rómhánaigh sa Chéad Chogadh Púnach?
**(ii)** Cérbh é Hamilcar Barca agus cén ról a bhí aige i gcogaí na Cartaige in aghaidh na Róimhe?
**(iii)** Cén fáth ar tugadh an leasainm *Cunctator* ar Quintus Fabius Maximus?
**(iv)** Cad a tharla do Tibéirias Gracchus nuair a rinne sé iarracht ar leasuithe a thabhairt isteach sa chóras úinéireachta talún?
**(v)** Cén bealach ina bhfuair Sulla aitheantas den chéad uair mar cheannaire míleata?
**(vi)** Cérbh iad miúileanna Marius agus cén chaoi a bhfuaireadar an t-ainm sin?
**(vii)** Cérbh é Spartacas agus cén chaoi ar chuir sé isteach ar na Rómhánaigh?
**(viii)** Cad a tharla do Crassus, an tríú ball den Chéad Triúracht?
**(ix)** Luaigh **dhá** rud thábhachtacha a chuir Poimpéas Mór i gcrích.
**(x)** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil cáil ar Chicearó.

**B.** Samhlaigh gur tú Hannibal, tú sáinnithe i Bithynia ag saighdiúirí Rómhánacha agus tú ar tí bás a fháil. Scríobh litir deireanach ina n-insíonn tú scéal do bheatha agus na fáthanna a bhfuil fuath agat do na Rómhánaigh. (20)

**NÓ**

Déan cur síos ar na príomhchéimeanna i réim Iúil Caesar. (20)

**THALL→**

**6.** **Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach**. Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

**(i)** Cén ról a bhí ag an *censor* sa stát Rómhánach?
**(ii)** Cad iad na príomhdhualgais a bhí ar *haruspex?*
**(iii)** Cen ról a bhí ag an *materfamilias* i dteaghlach Rómhánach?
**(iv)** Cérbh iad na *equites* sa tsochaí Rómhánach?
**(v)** Déan cur síos ar an gcaidreamh idir *patronus* agus a chuid *clientes*.
**(vi)** Ainmnigh agus déan cur síos ar **dhá** bhall éadaigh a chaith bean Rómhánach.
**(vii)** Ainmnigh agus déan cur síos ar **dhá** chineál gliaire.
**(viii)** Cad ab ea an *impluvium* i dteach Rómhánach? Cá raibh sé suite?
**(ix)** Déan cur síos ar **dhá** nós a bhain le searmanais phósta Rómhánacha.
**(x)** Cérbh iad na Maighdeana Veisteacha?

**B.** Féach thíos ar an léaráid de rang scoile Rómhánach agus freagair na ceisteanna a leanann é:- (20)



**(i)** Déan cur síos ar an méid atá ar siúl sa léaráid. (8)

**(ii)** Samhlaigh gur *paedagogus* tú ag teaghlach saibhir Rómhánach.
Scríobh litir chuig cara leat agus cur síos á dhéanamh agat ar do dhualgais agus ar do shaol ó lá go lá. (12)

(Baineadh léaráid i gcóir C.6B as *The Ancient City*, Connolly and Dodge, O.U.P.)